Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2020**
**(OR. en)**

**5554/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0169(COD)**

**ENV 40**
**SAN 24**
**CONSOM 9**
**AGRI 35**
**CODEC 51**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15254/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9498/18 + ADD 1 - COM(2018) 337 final - Annex |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce<br>- Comhaontú polaitiúil |

1. An 28 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún togra reachtach le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce, an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce mar a thugtar air[1].

2. Is é cuspóir uileghabhálach an togra go dtabharfaí aghaidh ar an nganntanas uisce ar fud an Aontais Eorpaigh trí uisce athshlánaithe a úsáid le haghaidh uisciú talmhaíochta. Sa tslí sin, cuireann athúsáid uisce leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an oiriúnú don athrú aeráide. Ag an am céanna, tá sé d'aidhm ag an togra sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus an comhshaol a chosaint trí íoscheanglais a shocrú do cháilíocht an uisce athshlánaithe agus trí fhaireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh, chomh maith le comhchuibhiú a dhéanamh ar phríomheilimintí an bhainistithe riosca.

[1] 9498/18 + ADD 1 go 6

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i ndáil leis an togra ón gCoimisiún ar an 12 Feabhra 2019[2].

4. Ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Meitheamh 2019, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir lena cur chuige ginearálta[3], rud a thugann sainordú don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

5. Tionóladh trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha, ar an 10 Deireadh Fómhair, an 12 Samhain agus an 2 Nollaig 2019. I gcomhthreo leis na cruinnithe tríthaobhacha, tionóladh roinnt cruinnithe tríthaobhacha teicniúla.

6. Ar níos mó ná ócáid amháin, chuir an Uachtaránacht an dréacht-Rialachán faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe.

7. Ar an 18 Nollaig 2019, tar éis anailís a dhéanamh ar an téacs sin d'fhonn teacht ar chomhaontú, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaitheaan comhréiteach deiridh a d'eascair as na cruinnithe tríthaobhacha (14944/19 + COR1). Rinneadh forálacha an téacs fhormhuinithe a athuimhriú agus dáileadh é an lá céanna mar Iarscríbhinn a bhí ag gabháil le 15254/19 + COR 1.

8. Ar an 21 Eanáir 2020, d'fhormhuinigh Coiste ENVI Pharlaimint na hEorpa an téacs. Ina dhiaidh sin, an lá céanna, chuir Cathaoirleach Choiste ENVI litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar léirigh sé go raibh sé chun moladh don Choiste ENVI agus don Chruinniú Iomlánach, go ndéanfaí an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú, faoi réir a fhíoraithe ag na dlítheangeolaithe.

---

[2] 6427/19
[3] 10278/19

9. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ar an 12 Nollaig 2018[4]. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim ar an 6 Nollaig 2018[5].

10. Ar an mbonn sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an comhaontú polaitiúil i ndáil le téacs an Rialacháin maidir le hAthúsáid Uisce a fhormheas, mar a leagtaramach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

[4] IO C 110, 7.3.2019, lch. 94
[5] IO C 86, 7.3.2019, lch. 353

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá níos mó agus níos mó brú ag teacht ar acmhainní uisce an Aontais, rud a fhágann ganntanas uisce agus meathlú ar cháilíocht an uisce. Go háirithe, tá athrú aeráide, patrúin aimsire nach féidir a thuar agus triomach ag cur go mór leis an mbrú ar infhaighteacht fionnuisce, ar brú é a thagann as forbairt uirbeach agus talmhaíocht.

---

1 IO C 110, 7.3.2019, lch. 94
2 IO C 86, 7.3.2019, lch. 353

(2) D'fhéadfaí feabhas a chur ar chumas an Aontais freagairt do bhrúnna méadaitheach ar acmhainní uisce trí athúsáid níos leithne a bhaint as fuíolluisce cóireáilte, trí astarraingt ó dhobharlaigh agus uisce talún a theorannú, tionchar scaoileadh fuíolluisce cóireáilte isteach i ndobharlaigh a laghdú, agus coigilteas uisce a chur chun cinn trí fhuíolluisce uirbeach a úsáid ar iliomad bealaí, agus ag an am céanna ardleibhéal cosanta don chomhshaol a áirithiú. Luaitear i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] athúsáid uisce i gcomhcheangal le cur chun cinn úsáid teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh uisce de i dtionscail agus i dteicnící uiscithe a spárálann uisce, mar cheann de na bearta forlíontacha a fhéadfaidh na Ballstáit a roghnú a cur i bhfeidhm chun cuspóirí na Treorach maidir le dea-stádas cáilíochtúil agus cainníochtúil le haghaigh uiscí dromchla agus screamhuiscí a bhaint amach. Ceanglaítear le Treoir 91/271/CEE[4] ón gComhairle go ndéanfaí fuíolluisce cóireáilte a athúsáid cibé uair is iomchuí.

(3) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal maidir le *A Blueprint to Safeguard Europe's Water Resources* [Treoirphlean chun Acmhainní Uisce na hEorpa a Chosaint][5] tarraingíodh aird ar an ngá atá le hionstraim a chruthú chun caighdeáin a rialáil ar leibhéal an Aontais i ndáil le hathúsáid uisce agus na bacainní ar úsáid fhorleathan rogha malartaí uisce a bhaint, ionstraim lena féidir rannchuidiú le ganntanas uisce agus leochaileacht córas soláthair uisce a laghdú.

(4) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *Addressing the challenge of water scarcity and droughts in the European Union* [Ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin an ghanntanais uisce agus na dtriomach san Aontas Eorpach][6], leagtar amach ordlathas na mbeart ba cheart do na Ballstáit a bhreithniú agus ganntanas uisce agus triomaigh á mbainistiú acu. Deirtear ann maidir leis na réigiúin inar cuireadh chun feidhme na bearta coisctheacha go léir de réir an ordlathais uisce agus inar mó an t-éileamh ar uisce ná an infhaighteacht, gur féidir le bonneagar breise um sholáthar uisce, in imthosca áirithe, agus gné an chostais agus tairbhe á cur san áireamh, a bheith ina chur chuige malartach chun iarmhairtí triomaigh thromchúisigh a mhaolú.

---

3 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

4 Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

5 COM(2012) 673.

6 COM(2007) 414.

(5) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Deireadh Fómhair 2008 maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an ghanntanais uisce agus na dtriomach san Aontas Eorpach[7], meabhraíonn an Pharlaimint gur cheart tús áite a thabhairt do chur chuige dírithe ar thaobh an éilimh nuair a bheidh bainistiú á dhéanamh ar acmhainní uisce agus measann sí, áfach, gur cheart don Aontas cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh nuair a bheidh acmhainní uisce á mbainistiú, ag cumasc bearta bainistithe éilimh, bearta chun barrfheabhsú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ann cheana laistigh den timthriall uisce, agus bearta chun acmhainní nua a chruthú, agus gur gá don chur chuige saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chomhtháthú.

(6) Ina Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[8], gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé sraith gníomhaíochtaí chun athúsáid fuíolluisce chóireáilte a chur chun cinn, lena n-áirítear togra reachtach a fhorbairt maidir leis na híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce. Ba cheart don Choimisiún nuashonrú a dhéanamh ar a Phlean Gníomhaíochta agus ba cheart go mbeadh acmhainní uisce ina réimse tosaíochta aige a bhfuil gá le gníomhaíocht ina leith.

(7) Is é is cuspóir don ionstraim dlí seo maidir le hathúsáid uisce glacadh athúsáide uisce a éascú nuair is iomchuí agus costéifeachtach, agus creat cumasúcháin á chruthú, leis sin, le haghaidh na mBallstát sin ar mian leo nó gur gá dóibh athúsáid uisce a chleachtadh. Is rogha a d'fhéadfadh a bheith fiúntach í athúsáid uisce do go leor Ballstát ach, go dtí seo níl athúsáid uisce á cleachtadh ná reachtaíocht nó caighdeáin náisiúnta glactha maidir leis sin ach ag líon beag díobh. Ba cheart don ionstraim dlí seo a bheith solúbtha go leor chun cur ar chumas na mBallstát sin leanúint d'uisce a athúsáid, agus ag an am céanna, chun an deis a áirithiú do Bhallstáit eile na rialacha sin a chur i bhfeidhm nuair a chinnfidh siad an cleachtas sin a thabhairt isteach ag céim níos déanaí. Aon chinneadh a dhéanfaí gan athúsáid uisce a chleachtadh, ba cheart é a mhíniú mar is cuí ar bhonn na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán seo agus ba cheart é a athbhreithniú ar bhonn rialta.

(8) Meastar go bhfuil tionchar comhshaoil níos ísle ag baint le hathúsáid fuíolluisce atá cóireáilte mar is cuí, mar shampla ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, ná modhanna malartacha eile soláthair uisce, amhail aistrithe uisce nó díshalannú. Le hathúsáid mar sin, d'fhéadfaí cur amú uisce a laghdú agus uisce a spáráil, ach ní dhéantar í ach ar bhonn teoranta san Aontas. Dealraíonn sé go bhfuil sé sin mar thoradh go páirteach ar chostas suntasach chóras athúsáide fuíolluisce agus ar chaighdeáin chomhchoiteanna chomhshaoil agus sláinte an Aontais a bheith in easnamh le haghaidh athúsáid uisce, agus, go háirithe maidir le táirgí talmhaíochta, na rioscaí ionchasacha sláinte agus comhshaoil agus bacainní ionchasacha a d'fhéadfadh a bheith ann do shaorghluaiseacht na dtáirgí sin a dhéantar a uisciú le huisce athshlánaithe.

---

7 2008/2074 (INI)
8 COM(2015) 614.

(9) D'fhéadfadh athúsáid uisce rannchuidiú le cothaithigh i bhfuíolluisce cóireáilte a athshlánú, agus d'fhéadfadh úsáid uisce athshlánaithe chun críocha uisciúcháin in earnáil na talmhaíochta nó earnáil na foraoiseachta a bheith ina bhealach chun cothaithigh amhail nítrigin, fosfar agus potaisiam a chur ar ais i dtimthriallta bithgheoiceimiceacha nádúrtha.

(10) D'fhonn athúsáid optamach acmhainní fuíolluisce uirbigh a áirithiú, ba cheart oiliúint a chur ar úsáideoirí deiridh le háirithiú go n-úsáidfí an aicme iomchuí uisce athshlánaithe. I gcás ina bhfuil ceann scríbe anaithnid nó cinn scríbe iomadúla ag an gcineál céanna bairr, ba cheart an aicme is airde a úsáid, mura gcuirtear bacainní iomchuí i bhfeidhm lenar féidir an cháilíocht is gá a bhaint amach.

(11) Na caighdeáin sláinte maidir le sláinteachas bia le haghaidh táirgí talmhaíochta a uiscítear le huisce athshlánaithe, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin más rud é nach bhfuil na ceanglais cháilíochta d'uisce athshlánaithe atá ceaptha d'uisciú talmhaíochta éagsúil go suntasach sna Ballstáit. Rannchuideoidh comhchuibhiú ceanglas freisin le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh i ndáil leis na táirgí sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, comhchuibhiú íosta a thabhairt isteach trí íoscheanglais a leagan síos do cháilíocht uisce agus d'fhaireachán. Ba cheart paraiméadair íosta a bheith sna híoscheanglais sin d'uisce athshlánaithe agus ceanglais eile níos déine nó ceanglais bhreise cháilíochta a fhorchuirfidh na húdaráis inniúla, más gá, mar aon le haon bhearta coisctheacha ábhartha. Tá na paraiméadair bunaithe ar an tuarascáil theicniúil ó Airmheán Comhpháirteach an Choimisiúin agus léirítear iontu na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le hathúsáid uisce.

(12) Is féidir cuidiú an geilleagar ciorclach a chur chun cinn freisin le hathúsáid uisce d'uisciú talmhaíochta trí chothaithigh a aisghabháil ón uisce athshlánaithe agus iad a chur ar bharra, trí bhíthin teicnící uiscithe leasaithigh. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí an gá le leasacháin mhianracha bhreise a laghdú trí athúsáid uisce. Ba cheart na húsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoi chion cothaitheach an uisce athshlánaithe.

(13) Sainaithníodh na hinfheistíochtaí móra a bhfuil gá leo chun gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a uasghrádú agus an easpa dreasachtaí airgeadais chun athúsáid uisce a chur chun feidhme sa talmhaíocht i measc na gcúiseanna nach nglactar go forleathan le hathúsáid uisce san Eoraip. Is féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí scéimeanna nuálacha agus dreasachtaí eacnamaíocha a chur chun cinn chun na costais agus na tairbhí socheacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le hathúsáid uisce a mhíniú mar is iomchuí.

(14) Ba cheart go mbeadh íoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce a chomhlíonadh comhsheasmhach le beartas uisce an Aontais agus go rannchuideoidh siad le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe Sprioc Uimh. 6, a bhaint amach, chun a áirithiú rochtain do chách ar uisce agus ar shláintíocht agus bainistiú inbhuanaithe orthu a áirithiú chomh maith le méadú suntasach ar athchúrsáil uisce agus athúsáid shábháilte e uisce ar fud an domhain d'fhonn rannchuidiú le sprioc forbartha inbhuanaithe Uimh. 12 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le tomhaltas agus táirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach. Thairis sin, féachtar leis an Rialachán seo lena áirithiú go gcuirfear Airteagal 37 i ndáil le cosaint comhshaoil de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm.

(15) Leagtar amach na ceanglais cháilíochta d'uisce a bheartaítear le hól ag an duine i dTreoir AE .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach dtiocfaidh meath ar cháilíocht uisce óil mar thoradh ar ghníomhaíochtaí athúsáide uisce. Ar an ábhar sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt sa phlean bainistithe riosca ar chosaint na ndobharlach as a n-astarraingtear uisce a bheartaítear lena ól ag an duine agus/nó ar chosaint na gcriosanna coimirce ábhartha.

(16) I roinnt cásanna, iompraíonn agus stórálann oibreoirí saoráidí athshlánaithe fós an t-uisce athshlánaithe níos faide ná asraon na saoráide athshlánaithe, roimh an t-uisce athshlánaithe a sheachadadh chuig na chéad ghníomhaithe eile sa slabhra, amhail oibreoir dáileacháin an uisce athshlánaithe, oibreoir stórála an uisce athshlánaithe, nó an t-úsáideoir deiridh. Is gá an pointe comhlíonta a shainaithint chun a shoiléiriú mar a bhfuil foirceann fhreagracht oibreoir na saoráide athshlánaithe agus mar a thosaíonn fhreagracht an chéad ghníomhaí eile sa slabhra.

(17) Le bainistiú riosca, ba cheart go gcuimseofaí rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach agus an coincheap uisce athshlánaithe a tháirgeadh ar cháilíocht a cheanglaítear le haghaidh úsáidí ar leith a ionchorprú. Ba cheart an measúnú riosca a bheith bunaithe ar phríomheilimintí bainistithe riosca agus ba cheart go sainaithneofaí aon cheanglas cáilíochta uisce breise is gá chun cosaint leordhóthanach an chomhshaoil, shláinte an duine agus sláinte ainmhithe a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart do na pleananna bainistithe riosca um athúsáid uisce a áirithiú go n-úsáidfear agus go mbainisteofar uisce athshlánaithe go sábháilte agus nach gcuirfear sláinte an duine ná sláinte ainmhithe ná an comhshaol i mbaol. D'fhonn na pleananna bainistithe riosca sin a fhorbairt, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na treoracha nó na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana féin amhail Treoirlínte ISO 20426:2018 maidir le measúnú riosca agus bainistiú sláinte le haghaidh athúsáid uisce neamh-inólta, Treoirlínte ISO 16075:2015 maidir le hathúsáid fuíolluisce chóireáilte le haghaidh tionscadail uiscithe nó treoirlínte EDS[9].

(18) Ba cheart go mbeadh comhar agus idirghníomhaíocht idir na gníomhairí éagsúla a mbaineann leis an athshlánú uisce ina réamhriachtanas chun cóireálacha athshlánaithe a bhunú de réir na gceanglas is gá d'úsáidí sonracha agus chun go mbeifí in ann soláthar an uisce athshlánaithe a bheartú i gcomhréir le héileamh na n-úsáideoirí deiridh.

(19) Chun an comhshaol agus sláinte an duine agus sláinte ainmhithe a chosaint ar bhealach éifeachtach, ba cheart gurbh iad na na hoibreoirí saoráidí athshlánaithe go príomha a bheadh freagrach as cáilíocht an uisce arna athshlánú ag an bpointe comhlíonta. Chun na ceanglais íosta agus aon choinníoll bhreise, a leagtar síos ag an údarás inniúil a chomhlíonadh, ba cheart d'oibreoirí saoráidí athshlánaithe faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an uisce athshlánaithe i gcomhréir leis na ceanglais íosta agus aon choinníoll bhreise leagtha síos ag na húdaráis inniúla. Dá bhrí sin, is iomchuí na híoscheanglais maidir le faireachán a shuíomh, arb é a bheidh iontu minicíochtaí an ghnáthfhaireacháin agus na spriocanna uainithe agus feidhmíochta le haghaidh faireachán ar bhailíochtú. Sonraítear ceanglais áirithe le haghaidh gnáthfhaireacháin i gcomhréir le Treoir 91/271/CEE.

---

9 https://www.who.int/water_sanitation_health/publications/gsuweg2/en/

(20) Faightear uisce athshlánaithe a chumhdaítear le ceanglais an Rialacháin seo ó fhuíolluisce a bailíodh i gcórais bhailiúcháin agus ar a ndearnadh cóireáil i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh i gcomhréir le Treoir 91/271/CEE agus ar a ndéantar tuilleadh cóireála (sa ghléasra cóireála fuíolluisce uirbigh nó i saoráid athshlánaithe) chun na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bhaint amach. I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 91/271/CEE, níl an oibleagáid ann córas bailiúcháin a sholáthar do cheirtleáin ar lú coibhéis a ndaonra ná 2000. Mar sin féin, ba cheart d'fhuíolluisce uirbeach ó cheirtleáin ar lú coibhéis a ndaonra ná 2000 a théann isteach i gcórais bhailiúcháin a bheith faoi réir cóireáil iomchuí roimh don fhuíolluisce sin a scaoileadh le fionnuisce agus inbhir, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 91/271/CEE. Ós amhlaidh atá, ní thiocfadh fuíolluisce ó cheirtleáin ar lú coibhéis a ndaonra ná 2000 faoi raon feidhme an Rialacháin seo ach amháin nuair a rachadh sé isteach i gcóras bailiúcháin agus nuair a bheadh sé faoi réir cóireáil i saoráid cóireála fuíolluisce uirbigh. Ar an dóigh chéanna, ní bhaineann fuíolluisce tionsclaíoch in-bhithdhíghrádaithe ó ghléasraí de chuid na n-earnálacha tionsclaíocha a liostaítear in Iarscríbhinn III de Threoir 91/271/CEE leis an Rialachán seo, ach amháin má théann an fuíolluisce ó na gléasraí sin isteach i gcóras bailiúcháin agus má tá sé faoi réir cóireáil i ngléasra cóireála fuíolluisce uirbigh.

(21) Is gníomhaíocht faoi thionchar an mhargaidh í athúsáid fuíolluisce uirbigh chóireáilte d'uisciú talmhaíochta, atá bunaithe ar éilimh agus riachtanais na hearnála talmhaíochta, go háirithe i mBallstáit áirithe atá thíos le ganntanas acmhainní uisce. Ba cheart do na hoibreoirí saoráidí athshlánaithe agus na húsáideoirí deiridh obair i gcomhar lena chéile chun a áirithiú go bhfreastalóidh cáilíocht an uisce athshlánaithe a tháirgtear i gcomhréir leis na híoscheanglais arna mbunú leis an Rialachán seo ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh maidir le catagóirí na mbarr. I gcásanna nach mbeidh na haicmí de cháilíocht uisce a tháirgeann na hoibreoirí saoráidí athshlánaithe comhoiriúnach don chatagóir barr agus don mhodh uiscithe atá i bhfeidhm cheana féin sa limistéar atá i gceist (e.g. i gcóras soláthair chomhchoitinn), d'fhéadfaí ceanglais cháilíochta uisce a fháil agus úsáid á baint, ag céim eile ina dhiaidh sin, as roinnt roghanna cóireála uisce astu féin nó i gcomhar le roghanna eile neamhchóireála an uisce athshlánaithe, i gcomhréir leis an gcur chuige ilbhacainne.

(22) Is gá úsáid shábháilte uisce athshlánaithe a áirithiú, agus ar an gcaoi sin spreagfar úsáid uisce ar leibhéal an Aontais agus feabhsófar muinín an phobail ann. Níor cheart, dá bhrí sin, go gceadófaí táirgeadh agus soláthar uisce athshlánaithe d'uisciú talmhaíochta ach ar bhonn ceada arna dheonú ag údaráis inniúla na mBallstát. Chun cur chuige comhchuibhithe, inrianaitheacht agus trédhearcacht a áirithiú ar leibhéal an Aontais, ba cheart na rialacha substainteacha don chead sin a leagan síos ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go gcinnfeadh na Ballstáit, áfach, mionsonraí na nósanna imeachta chun ceadanna a dheonú, amhail na húdaráis inniúla agus na sprioc-amanna. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann na nósanna imeachta atá ann cheana a chur i bhfeidhm chun ceadanna a dheonú agus ba cheart iad a oiriúnú chun na ceanglais a thugtar isteach leis an Rialachán seo a chur san áireamh. Nuair a bheidh an páirtí/na páirtithe atá freagrach á n-ainmniú ag na Ballstáit chun an Plean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce a ullmhú agus nuair a bheidh an t-údarás inniúil á ainmniú acu chun an cead a dheonú i ndáil le táirgeadh agus soláthar uisce athshlánaithe, ba cheart dóibh a áirithiú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

(23) Má tá oibreoir dáileacháin uisce athshlánaithe agus oibreoir stórála uisce athshlánaithe de dhíth, ba cheart go bhféadfaí an t-oibreoir sin a bheith faoi réir ceada. Má chomhlíonfar gach ceanglas don chead, ba cheart go n-eiseoidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát cead ar cheart na coinníollacha agus bearta riachtanacha uile a bheith ann bunaithe sa Phlean Bainistithe Riosca chun na críocha uisce athshlánaithe a dháileadh slán ar an úsáideoir dheiridh agus é stóráil go sábháilte dó.

(24) Tá forálacha an Rialacháin seo comhlántach le riachtanais reachtaíocht eile an Aontais, go háirithe maidir le rioscaí sláinte agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann. Chun cur chuige iomlánaíoch a áirithiú maidir le dul i ngleic le rioscaí do shláinte an duine agus ainmhithe agus rioscaí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart go gcuirfeadh na hoibreoirí saoráidí athshlánaithe agus na húdaráis inniúla na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais a chur san áireamh, go háirithe Treoracha 86/278/CEE, 91/676/CEE[10] agus 98/83/CE[11] ón gComhairle, Treoracha 91/271/CEE agus 2000/60/CE, Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002[12], (CE) Uimh. 852/2004[13], (CE) Uimh. 183/2005[14], (CE) Uimh. 396/2005[15] agus (CE) 1069/2009[16] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2006/7/CE[17], 2006/118/CE[18], 2008/105/CE[19] agus 2011/92/CE[20] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 2073/2005[21], (CE) Uimh. 1881/2006[22] agus (CE) Uimh.142/2011[23] ón gCoimisiún.

---

10 Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1-8).

11 Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce a bheartaítear le hól ag an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

12 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

13 Rialachán (CE) Uimh 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

14 Rialachán (CE) 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 lena leagtar síos na ceanglais i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe (IO L 35, 8.2.2005, lch. 1).

15 Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

16 Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach mbeartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

17 Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 76/160/CEE (IO L 64, 4.3.2006, lch. 37).

18 Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

19 Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

20 Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

21 Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

22 Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear leibhéil uasta le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

23 Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil nach mbeartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/EC ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

(25) Chun críche an Rialacháin seo, ba cheart go mbeadh sé indéanta oibríochtaí cóireála agus oibríochtaí athshlánaithe i dtaca le fuíolluisce uirbeach a dhéanamh san aon láthair fhisiciúil amháin, ag baint feidhm as an saoráid chéanna, nó as saoráidí éagsúla ar leithligh. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh an t-oibreoir céanna in ann a bheith mar oibreoir an ghléasra cóireála agus oibreoir na saoráide athshlánaithe araon.

(26) Is é a dhéantar le Rialachán (CE) 852/2004 go leagtar síos na rialacha ginearálta maidir le hoibreoirí gnólachtaí bia agus go gcumhdaítear bia a bheartaítear lena chaitheamh ag an duine a tháirgeadh, a phróiseáil, a dháileadh agus a chur ar an margadh. Tugtar aghaidh sa Rialachán sin ar cháilíocht sláinte an bhia agus luaitear ar cheann de na prionsabail bhunúsacha gur ar an oibreoir gnólachta bia atá an phríomhfhreagracht as an tsábháilteacht bia. Tá an Rialachán sin faoi réir treoir mhionsonraithe, freisin, agus tá tábhacht ar leith leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le treoirdhoiciméad a bhaineann le dea-chleachtais sláinteachais a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí micribhitheolaíocha i dtorthaí agus i nglasraí úra sa táirgeadh príomhúil (2017/C 163/01). Ní fhágann na híoscheanglais le haghaidh uisce athshlánaithe a leagtar síos sa Rialachán seo go gcuirtear cosc ar oibreoirí gnólachtaí bia an cháilíocht uisce is gá chun cloí le Rialachán 852/2004 a bhaint amach trí roinnt roghanna cóireála uisce a úsáid, ag céim eile ina dhiaidh sin, astu féin nó i gcomhar le roghanna eile neamhchóireála.

(27) Is mór an fhéidearthacht atá ann fuíolluisce cóireáilte a athchúrsáil agus a athúsáid. D'fhonn cleachtas na hathúsáide uisce a chur chun cinn agus a spreagadh, níor cheart go gcuirfeadh léiriú úsáidí sonracha laistigh den Rialachán seo bac ar na Ballstáit cead a thabhairt feidhm a bhaint as uisce athshlánaithe chun críocha breise, lena n-áirítear athúsáid chun críocha tionsclaíochta, chun críocha a bhaineann le fóillíocht agus chun críocha comhshaoil, de réir mar is riachtanach i gcomhréir le dálaí agus riachtanais náisiúnta ar choinníoll go n-áiritheofaí ardleibhéal cosanta do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol.

(28) Chun muinín a spreagadh in athúsáid uisce, ba cheart faisnéis a sholáthar don phobal. Trí fhaisnéis shoiléir, chuimsitheach agus nuashonraithe a chur ar fáil maidir le hathúsáid uisce ba cheart go ndéanfaí foráil do thrédhearcacht agus inrianaitheacht mhéadaithe agus d'fhéadfadh sé go mbeadh spéis ar leith ag údaráis ábhartha eile ann a bhfuil impleachtaí ag an úsáid shonrach uisce ina leith. Chun athúsáid uisce a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhforbraítear feachtais faisnéise agus ardaithe feasachta a bheadh in oiriúint do scála na hathúsáide uisce, d'fhonn geallsealbhóirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an athúsáid uisce agus, ar an gcaoi sin, an glacadh atá ag na geallsealbhóirí le cleachtais athúsáide uisce a chur chun cinn.

(29) Tá tábhacht thar na bearta le hoideachas agus oiliúint do na húsáideoirí deiridh mar chuid de bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm agus a choinneáil. Ba cheart bearta coisctheacha sonracha i gcoinne nochta don duine a chur san áireamh sa phlean bainistithe riosca, mar shampla úsáid trealaimh chosanta phearsanta, níochán lámh agus sláinteachas pearsanta.

(30) Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil[25] (Coinbhinsiún Aarhus). I dTreoir 2003/4/CE, leagtar síos oibleagáidí fairsinge a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a bheith ar fáil, ach í a iarraidh, agus a bheith gníomhach i scaipeadh na faisnéise sin. Le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], cuimsítear faisnéis spásúil a bheith á roinnt, lena n-áirítear tacair sonraí maidir le hábhair éagsúla chomhshaoil. Tá sé tábhachtach go mbeadh forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus le socruithe malartaithe sonraí ag comhlánú na dTreoracha sin agus nach gcruthóidh siad córas dlí ar leith. Ba cheart, dá bhrí sin, d'fhorálacha na Treorach seo maidir le faisnéis don phobal agus maidir le faisnéis faoin bhfaireachán ar chur chun feidhme na Treorach a bheith gan dochar do Threoracha 2003/4/CE agus 2007/2/CE.

(31) Leis na híoscheanglais d'athúsáid shábháilte fuíolluisce uirbigh chóireáilte, léirítear an t-eolas eolaíoch atá ar fáil agus caighdeáin agus cleachtais athúsáide uisce a aithnítear go hidirnáisiúnta agus ráthaítear leis na ceanglais sin gur féidir an t-uisce sin a úsáid go sábháilte le haghaidh uisciú talmhaíochta, agus ar an gcaoi sin áirítear ardleibhéal cosanta do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol. I bhfianaise thorthaí na meastóireachta ar an Rialachán sin nó aon uair is gá sin a dhéanamh mar gheall ar fhorbairtí nua eolaíocha agus dul chun cinn teicniúil, d'fhéadfadh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar an ngá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na híoscheanglais a leagtar amach i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart dó tograí reachtacha a dhéanamh do leasuithe i gcomhréir leis an gConradh.

---

**24** Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

**25** IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.

**26** Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

(32) Chun príomhghnéithe an bhainistithe riosca a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na híoscheanglais agus na príomhchúraimí bainistithe riosca a leasú. Thairis sin, chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus do shláinte an duine a áirithiú, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar na príomhchúraimí bainistithe riosca trí shonraíochtaí teicniúla a leagan síos. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[27]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(33) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le formáid agus cur i láthair na faisnéise faoi fhaireachán a dhéanamh ar chur feidhme an Rialacháin seo a sholáthróidh na Ballstáit agus maidir le formáid agus cur i láthair na faisnéise i leith fhorléargas an Aontais ina iomláine arna tharraingt suas ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(34) Ba cheart do na húdaráis fíorú a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar amach sa chead a bheith á gcomhlíonadh ag na húdaráis inniúla. I gcásanna neamhchomhlíonta, ba cheart dóibh a cheangal ar an bpáirtí/na páirtithe na bearta is gá a dhéanamh chun comhlíonadh a áirithiú. Ba cheart soláthar an uisce athshlánaithe a chur ar fionraí má eascraíonn riosca suntasach don chomhshaol nó do shláinte an duine ón neamhchomhlíonadh.

---

27 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

28 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(35) Ba cheart d'údaráis inniúla comhoibriú le húdaráis ábhartha eile trí fhaisnéis a mhalartú, chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais ábhartha Aontais agus náisiúnta.

(36) Tá na sonraí a sholáthraíonn na Ballstáit fíor-riachtanach chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta maidir leis na cuspóirí atá á saothrú aige.

(37) De bhun mhír 22 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. Ba cheart an mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar na cúig chritéar maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach agus ba cheart an bonn a sholáthar léi le haghaidh measúnuithe tionchair ar bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo. Ba cheart an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh sa mheastóireacht, go háirithe maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag substaintí ar ábhar imní iad atá ag teacht chun cinn.

(38) Is é is aidhm leis an Rialachán seo, inter alia, an comhshaol, sláinte an duine agus sláinte ainmhithe a chosaint. Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mion minic, ní bheadh sé i gcomhréir leis an éifeacht cheangailteach a thugtar do Threoir leis an tríú mír d'Airteagal 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a eisiamh, i bprionsabal, go bhféadfadh daoine lena mbaineann brath ar oibleagáid a fhorchuirtear le Treoir. Tá feidhm ag an mbreithniú sin freisin maidir le Rialachán arb é an cuspóir atá leis sábháilteacht uisce athshlánaithe a ráthú don uisciú talmhaíochta.

(39) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i gcás sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(40) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon sláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus an comhshaol a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(41) Is gá foráil a dhéanamh do dhóthain ama do na Ballstáit chun go gcuirfí ar bun an bonneagar riaracháin atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus do na hoibreoirí ullmhú chun na rialacha nua a chur i bhfeidhm.

(42) D'fhonn athúsáid fuíolluisce cóirithe i gceart a fhorbairt agus a chur chun cinn a mhéid is ar féidir, ba cheart don Aontas Eorpach tacú le taighde agus le forbairt sa réimse seo trí chlár Fhís na hEorpa chun feabhas suntasach a bhaint amach in iontaofacht fuíolluisce cóirithe i gceart agus i modhanna úsáide atá inmharthana.

(43) Le Treoir 2000/60/CE foráiltear do na Ballstáit an tsolúbthacht is gá chun bearta forlíontacha a áireamh sna cláir de bhearta arna nglacadh chun tacú lena gcuid iarrachtaí chun na cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach mar a bhunaítear leis an Treoir seo. Faightear bearta athúsáide uisce, i measc eile, sa liosta neamheisiach de bhearta forlíontacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI Cuid B a ghabhann le Treoir 2000/60/CEE. Ós amhlaidh atá, agus i gcomhréir le hordlathas na mbeart a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur san áireamh agus ganntanas uisce agus triomach á mbainistiú acu agus lena spreagtar le bearta tosaíochta ó shábháil uisce go beartas praghsála uisce agus réitigh malartacha, agus aird chuí á tabhairt ar ghné an chostais agus tairbhe, ba cheart na híoscheanglais maidir le hathúsáid uisce, mar a bhunaítear leis an Rialachán seo, a bheith infheidhme aon uair a dhéantar fuíolluisce uirbeach cóireáilte ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a athúsáid, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Threoir 91/271/CEE an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh, le haghaidh uisciú talmhaíochta.

(44) Féachann an Rialachán seo le húsáid inbhuanaithe uisce a spreagadh. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún feidhm a bhaint as cláir de chuid an Aontais, lena n-áirítear an clár LIFE, chun tacú le tionscnaimh áitiúla ina bhfuil athúsáid fuíolluisce cóirithe i gceart mar chuid dóibh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Ábhar agus cuspóir*

1. Leagtar síos sa Rialachán seo na híoscheanglais le haghaidh cáilíocht agus faireachán uisce mar aon le forálacha chun riosca a bhainistiú agus uisce athshlánaithe a úsáid go sábháilte i gcomhthéacs bainistiú comhtháite uisce.

2. Is é cuspóir an Rialacháin seo a ráthú go bhfuil an t-uisce athshlánaithe sábháilte don uisciú talmhaíochta, rud a fhágfaidh go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol, go gcuirfear an geilleagar ciorclach chun cinn agus go dtacófar le hoiriúnú don athrú aeráide, go gcuirfear le cuspóirí Threoir 2000/60/CE trí aghaidh a thabhairt ar bhealach comhordaithe ar ghanntanas uisce agus ar an mbrú mar thoradh air sin ar acmhainní uisce ar fud an Aontais, rud a chuirfidh freisin le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh.

*Airteagal 2*

*Raon feidhme*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo gach uair a dhéanfar fuíolluisce uirbeach cóireáilte a athúsáid, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Threoir 91/271/CE, d'uisciú talmhaíochta mar a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I.

2. Féadfaidh Ballstát a chinneadh nach iomchuí uisce a athúsáid le haghaidh uisciú talmhaíochta i gceann amháin nó níos mó dá cheantair abhantracha nó i gcodanna díobh, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

   a) dálaí geografacha agus aeráide an cheantair nó na gceantar nó codanna díobh;

   (b) an brú atá ar acmhainní eile uisce agus an stádas atá acu, lena n-áirítear stádas cainníochtúil an screamhuisce dá dtagraítear i dTreoir 2000/60;

c) an brú atá ar dhobharlaigh uisce dhromchla, agus an stádas atá acu, ar dobharlaigh iad ina scaoiltear fuíolluisce uirbeach cóireáilte;

d) costais chomhshaoil agus acmhainní an uisce athshlánaithe agus acmhainní uisce eile.

Tabharfar údar cuí leis an gcinneadh sin ar bhonn na gcritéar thuasluaite agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin é. Déanfar é a athbhreithniú de réir mar is gá, lena gcuirfear san áireamh go háirithe réamh-mheastacháin maidir leis an athrú aeráide agus straitéisí náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, agus déanfar é a athbhreithniú gach 6 bliana ar a laghad agus pleananna bainistithe abhantracha arna mbunú de bhun Threoir 2000/60 á gcur san áireamh.

3. De mhaolú air sin, ní gá go gcloífidh tionscadail taighde nó phíolótacha maidir le saoráidí athshlánaithe le forálacha an Rialacháin seo i gcás ina suíonn an t-údarás inniúil go gcomhlíontar na critéir a leanas:

a) an tionscadal taighde nó an tionscadal píolótach, ní dhéanfar é laistigh de dhobharlach a úsáidtear chun uisce a bheartaítear le hól ag an duine a astarraingt agus/nó sna criosanna ábhartha cosanta arna n-ainmniú de bhun Threoir 2000/60;

(b) beidh an tionscadal taighde faoi réir faireachán iomchuí.

Beidh aon chinneadh a ghlacfar de bhun na míre seo teoranta d'uastréimhse 5 bliana. Na barra go léir a thiocfaidh as tionscadal taighde nó tionscadal píolótach atá díolmhaithe i gcomhréir leis an mír seo, ní chuirfear ar an margadh iad.

4. Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do Rialachán 852/2004 agus ní fhágann sé go gcuirtear cosc ar oibreoirí gnólachtaí bia an cháilíocht uisce is gá chun cloí le Rialachán 852/2004 a bhaint amach trí roinnt roghanna cóireála uisce a úsáid, ag céim eile ina dhiaidh sin, astu féin nó i gcomhar le roghanna eile neamhchóireála nó ní chuirtear cosc ar oibreoirí foinsí malartacha uisce a úsáid d'uisciú talmhaíochta.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn '*údarás inniúil/údaráis inniúla*' údarás/údaráis nó comhlacht/comhlachtaí arna n-ainmniú ag Ballstát chun oibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo a chomhlíonadh, eadhon oibleagáidí i dtaca le deonú an cheada nó i ndáil le táirgeadh agus/nó soláthar uisce athshlánaithe agus i dtaca le seiceáil an chomhlíonta, mar aon le deonú maolaithe do thionscadail taighde nó phíolótacha;

2. ciallaíonn '*úsáideoir deiridh*' duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas poiblí nó príobháideach, a úsáideann uisce athshlánaithe le haghaidh uisciú talmhaíochta;

3. ciallaíonn '*fuíolluisce uirbeach*' fuíolluisce uirbeach faoi mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(1) de Threoir 91/271/CEE;

4. ciallaíonn '*uisce athshlánaithe*' fuíolluisce uirbeach a cóireáladh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 91/271/CEE agus a eascraíonn as cóireáil bhreise i saoráid athshlánaithe i gcomhréir le Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

5. ciallaíonn '*saoráid athshlánaithe*' gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh nó saoráid eile a dhéanann cóireáil bhreise ar fhuíolluisce uirbeach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 91/271/CEE chun uisce atá oiriúnach le haghaidh úsáid a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a tháirgeadh;

6. ciallaíonn '*oibreoir saoráide athshlánaithe*' duine nádúrtha nó dlítheanach, a dhéanann ionadaíocht ar eintiteas príobháideach nó ar údarás poiblí, a oibríonn nó a rialaíonn saoráid athshlánaithe;

7. ciallaíonn '*guais*' oibreán bitheolaíoch, ceimiceach, fisiceach nó raideolaíoch a bhfuil d'acmhainn aige dochar a dhéanamh do dhaoine, d'ainmhithe, do bharra nó do phlandaí, do bhithraí talún eile, do bhithraí uisceacha, d'ithreacha nó don chomhshaol i gcoitinne;

8. ciallaíonn '*riosca*' an dóchúlacht go mbeidh guaiseacha sainaitheanta ag déanamh díobhála i dtréimhse shonraithe, lena n-áirítear déine na n-iarmhairtí;

9. is é is '*bainistiú riosca*' ann ná bainistiú córasach a dhéanann sábháilteacht athúsáid uisce i gcomhthéacs sonrach a áirithiú go comhsheasmhach;

10. ciallaíonn '*beart coiscteach*' ghníomhaíocht iomchuí is féidir a úsáid chun riosca sláinte agus comhshaoil a chosc nó a dhíchur, nó é a laghdú go leibhéal inghlactha;

11. ciallaíonn '*an pointe comhlíonta*' an pointe mar a sheachadann oibreoir na saoráide athshlánaithe an t-uisce athshlánaithe chuig an gcéad ghníomhaí eile sa slabhra;

12. ciallaíonn '*bacainn*' aon mheán, lena n-áirítear céimeanna fisiciúla nó céimeanna de phróiseas nó coinníollacha úsáide, lena ndéantar riosca ionfhabhtaithe don duine a laghdú nó a chosc trí theagmháil a chosc idir an t-uisce athshlánaithe agus an táirgeadh ionghafa agus na daoine atá nochta go díreach, nó meán eile, lena laghdaítear, mar shampla, dlús na miocrorgánach san uisce athshlánaithe nó lena gcuirtear cosc orthu maireachtáil den táirgeadh ionghafa;

13. ciallaíonn '*cead*' údarú i scríbhinn arna eisiúint ag an údarás inniúil chun uisce athshlánaithe a tháirgeadh agus/nó a sholáthar le haghaidh uisciú talmhaíochta i gcomhréir leis an Rialachán seo;

14. ciallaíonn '*páirtí freagrach/páirtithe freagracha*' páirtí a dhéanann ról nó gníomhaíocht sa chóras athúsáide uisce lena n-áirítear an t-oibreoir saoráide athshlánaithe, an gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh i gcás nach ionann é agus an t-oibreoir saoráide athshlánaithe, an t-údarás nó na húdaráis ábhartha seachas an t-údarás inniúil ainmnithe nó na húdaráis inniúla ainmnithe, an t-oibreoir dáileacháin uisce athshlánaithe nó an t-oibreoir stórála uisce athshlánaithe;

15. ciallaíonn '*córas athúsáide uisce*' grúpa na mbonneagar agus na n-eilimintí teicniúla eile atá riachtanach chun uisce athshlánaithe a tháirgeadh, a sholáthar agus a úsáid. Is é atá ann na heilimintí go léir ó ionraon an ghléasra chóireála fuíolluisce go dtí an pointe/na pointí a bhaintear leas as uisce athshlánaithe d'uisciú talmhaíochta, lena n-áirítear an bonneagar dáilte agus stórála, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 4*

*Oibleagáidí oibreoirí na saoráidí athshlánaithe agus oibleagáidí maidir le cáilíocht uisce athshlánaithe*

1. Áiritheoidh oibreoirí saoráide athshlánaithe go ndéanfaidh uisce athshlánaithe atá ceaptha le haghaidh uisciú talmhaíochta mar a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, ag an bpointe comhlíonta, an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

   (a) na híoscheanglais maidir le cáilíocht uisce a leagtar síos i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I;

   (b) aon choinníollacha breise a leagann an t-údarás inniúil síos sa chead ábhartha de bhun phointí (c) agus (d) d'Airteagal 6(3), a mhéid a bhaineann le cáilíocht uisce.

   I ndiaidh an phointe comhlíonta, ní bheidh oibreoir na saoráide athshlánaithe freagrach a thuilleadh as cáilíocht an uisce.

2. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an t-oibreoir saoráide athshlánaithe faireachán ar cháilíocht an uisce i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

   (a) Roinn 2 d'Iarscríbhinn I;

   (b) aon choinníollacha breise a leagann an t-údarás inniúil síos sa chead ábhartha de bhun phointí (c) agus (d) d'Airteagal 6(3), maidir le faireachán.

*Airteagal 5*

*Bainistiú riosca*

1. Chun uisce athshlánaithe a tháirgeadh, a sholáthar agus a úsáid, áiritheoidh an t-údarás inniúil go mbunófar Plean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce.

2. Is é oibreoir na saoráide athshlánaithe, an páirtí/na páirtithe freagracha eile, nó na húsáideoirí deiridh, de réir mar is iomchuí, a fhorbróidh an Plean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce. Rachaidh an páirtí/na páirtithe freagracha atá ag ullmhú an Phlean Bhainistithe Riosca um Athúsáid Uisce i gcomhairle le gach páirtí freagrach ábhartha eile agus leis na húsáideoirí deiridh, de réir mar is iomchuí.

3. Beidh an Plean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce bunaithe ar na príomheilimintí bainistithe riosca uile a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus sainaithneofar ann freagrachtaí bainistithe riosca an oibreora saoráide athshlánaithe agus an pháirtí fhreagraigh/na bpáirtithe freagracha eile. Féadfaidh sé córas athúsáide uisce amháin nó níos mó a chumhdach.

4. Leis an bPlean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce, déanfar an méid seo a leanas go háirithe:

a) aon cheanglais is gá don oibreoir saoráide athshlánaithe a leagan amach de bhreis ar na ceanglais a shonraítear in Iarscríbhinn I i gcomhréir le pointe (b) d'Iarscríbhinn II chun aon rioscaí a mhaolú tuilleadh roimh an bpointe comhlíonta;

(b) guaiseacha agus rioscaí a shainaithint, mar aon le bearta coisctheacha iomchuí agus/nó bearta ceartaitheacha féideartha i gcomhréir le pointe (c) d'Iarscríbhinn II;

c) bacainní breise sa chóras athúsáide uisce a shainaithint, agus aon cheanglais bhreise tar éis an phointe chomhlíonta a leagan amach a mbeadh gá leo chun sábháilteacht an chórais athúsáide uisce a áirithiú, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le dáileadh, stóráil agus úsáid, i gcás inarb iomchuí, agus an páirtí/na páirtithe atá freagrach as na ceanglais sin a chomhlíonadh a shainaithint.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 13, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an Rialachán seo chun na príomheilimintí de bhainistiú riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin i gcomhréir le hAirteagal 13 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo chun sonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II a leagan síos.

*Airteagal 6*

*Oibleagáidí maidir le cead uisce athshlánaithe*

1. Beidh aon táirgeadh nó soláthar uisce athshlánaithe le haghaidh uisciú talmhaíochta i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I faoi réir ceada.

2. Déanfaidh an páirtí/na páirtithe freagracha sa chóras athúsáide uisce, lena n-áirítear an t-úsáideoir deiridh i gcás inarb ábhartha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, iarratas ar an gcead dá dtagraítear i mír 1, nó iarratas ar an gcead atá ann cheana a mhodhnú, a chur chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina n-oibríonn an tsaoráid athshlánaithe nó ina bhfuil sé beartaithe oibriú.

3. Leagfar amach sa chead oibleagáidí an oibreora saoráide athshlánaithe agus aon pháirtí/pháirtithe freagracha eile, i gcás inarb ábhartha. Beidh sé bunaithe ar an bPlean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce agus áireofar ann, *inter alia*, an méid seo a leanas:

   a) aicme/aicmí cáilíochta an uisce athshlánaithe agus úsáid cheadaithe talmhaíochta, dá gceadaítear an t-uisce athshlánaithe de réir Iarscríbhinn I, an t-ionad úsáide, an tsaoráid nó na saoráidí athshlánaithe agus méid bliantúil measta an uisce athshlánaithe atá le táirgeadh;

   (b) na coinníollacha i ndáil leis na híoscheanglais don cháilíocht uisce agus don fhaireachán uisce a leagtar amach i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I;

   c) na coinníollacha i ndáil le ceanglais bhreise don oibreoir saoráide athshlánaithe, más ann dóibh, a leagtar amach sa Phlean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce;

   d) aon choinníollacha eile is gá chun aon rioscaí do-ghlactha do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol a dhíothú go leibhéal inghlactha;

   e) an tréimhse bhailíochta;

   f) pointe comhlíonta.

4. Chun an t-iarratas a mheasúnú, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle le húdaráis ábhartha eile, go háirithe na húdaráis uisce agus sláinte, agus malartóidh sé faisnéis ábhartha leo, murab ionann iad agus an t-údarás inniúil agus aon pháirtí eile a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh gan mhoill i dtaobh cead a dheonú. I gcás inar gá don údarás inniúil, de bharr chastacht an iarratais, breis agus 12 mhí chun cinneadh a dhéanamh tar éis dó an t-iarratas comhlánaithe a fháil, déanfaidh sé dáta measta an chinnidh sin a chur in iúl don iarratasóir.

6. Déanfar an cead a athbhreithniú go rialta agus, nuair is gá, a thabhairt cothrom le dáta, sna cásanna seo a leanas ar a laghad:

   a) nuair a thiocfaidh athrú substaintiúil ar an acmhainn nó nuair a dhéanfar trealamh a uasghrádú agus nuair a chuirfear trealamh nó próisis nua leis;

   (b) nuair a thiocfaidh athruithe ar an aeráid nó ar dhálaí eile a dhéanann difear suntasach do stádas éiceolaíochta dobharlach dromchla.

7. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh stóráil, dáileadh agus úsáid an uisce athshlánaithe faoi réir cead sonrach chun na ceanglais bhreise agus na bacainní a shainaithnítear sa phlean bainistithe riosca um athúsáid uisce a chur i bhfeidhm, amhail dá dtagraítear in Airteagal 5(4).

*Airteagal 7*

*Seiceáil ar chomhlíonadh*

1. Fíoróidh an t-údarás inniúil go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach sa chead á gcomhlíonadh ag an uisce athshlánaithe. Déanfar an tseiceáil ar chomhlíonadh ag baint úsáid as na modhanna seo a leanas uile:

   (a) seiceálacha ar an láthair;

(b) úsáid na sonraí faireacháin a fuarthas go háirithe de bhun an Rialacháin seo;

(c) aon mhodh leormhaith eile.

2. I gcás neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sa chead, ceanglóidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir saoráide athshlánaithe agus, más ábhartha, ar an bpáirtí freagrach eile nó ar na páirtithe freagracha eile aon bhearta is gá a dhéanamh chun an comhlíonadh a athbhunú gan mhoill agus cuirfidh sé na húsáideoirí deiridh dá ndéantar difear ar an eolas láithreach.

3. I gcás ina mbíonn neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sa chead ina chúis le riosca suntasach don chomhshaol nó do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe, déanfaidh an t-oibreoir saoráide athshlánaithe nó aon pháirtí/pháirtithe freagracha eile aon soláthar breise uisce athshlánaithe a chur ar fionraí láithreach, go dtí go gcinnfidh an t-údarás inniúil go ndearnadh an comhlíonadh a athbhunú, de réir nósanna imeachta a shainítear sa Phlean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce, i gcomhréir le hIarscríbhinn I, roinn 2, pointe 2.1, pointe a (mír 1).

4. Má tharlaíonn teagmhas a dhéanann difear do chomhlíonadh na gcoinníollacha sa chead, cuirfidh oibreoir na saoráide athshlánaithe nó aon pháirtí/pháirtithe freagracha eile an t-údarás inniúil agus páirtithe eile a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dóibh, ar an eolas láithreach, agus cuirfidh siad in iúl don údarás inniúil an t-eolas is gá chun tionchair an teagmhais sin a mheasúnú.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil a fhíorú go rialta go bhfuil na bearta agus na cúraimí a leagtar amach sa Phlean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce á gcomhlíonadh ag an bpáirtí freagrach nó ag na páirtithe freagracha.

*Airteagal 8*

*Comhar idir na Ballstáit*

1. I gcás ina bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint le hathúsáid uisce, ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála nó úsáidfidh siad struchtúir atá ann cheana a eascraíonn ó chomhaontuithe idirnáisiúnta chun comhoibriú mar is iomchuí le pointí teagmhála agus údaráis inniúla Ballstát eile. Is é an ról a bheidh ag na pointí teagmhála nó na struchtúir atá ann cheana féin cúnamh a sholáthar arna iarraidh sin agus cumarsáid a chomhordú idir údaráis inniúla. Malartóidh na húdaráis inniúla faisnéis maidir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(3) leis an bpointe teagmhála sa Bhallstát ina mbeartaítear uisce athshlánaithe a úsáid, roimh dóibh an cead a dheonú. Déanfaidh na pointí teagmhála, go háirithe, iarratais ar chúnamh a fháil agus a tharchur.

2. Freagróidh na Ballstáit iarrataí ar chúnamh gan moill mhíchuí.

*Airteagal 9*

*Faisnéis agus ardú feasachta*

Sna Ballstáit ina n-úsáidtear uisce athshlánaithe le haghaidh uisciú talmhaíochta, déanfar feachtais ghinearálta ardaithe feasachta ag díriú ar an gcoigilteas acmhainní uisce a thagann mar thoradh ar athúsáid uisce agus féadfar tairbhí na hathúsáide sábháilte uisce a chur chun cinn iontu freisin. Féadfaidh na Ballstáit sin feachtais faisnéise d'úsáideoirí deiridh a chur ar bun freisin chun úsáid optamach shábháilte uisce athshlánaithe a áirithiú, agus, ar an gcaoi sin, ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol a áirithiú. Féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis agus na feachtais ardaithe feasachta sin a oiriúnú do scála na hathúsáide uisce.

*Airteagal 10*

*Faisnéis don phobal*

1. Gan dochar do Threoracha 2003/4/CE agus 2007/2/CE, i gcás ina n-úsáidfear uisce athshlánaithe i gcomhair uisciú talmhaíochta mar a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh faisnéis leormhaith agus cothrom le dáta maidir le hathúsáid uisce ar fáil don phobal ar líne nó ar bhealach eile. Beidh an méid seo a leanas san fhaisnéis:

   (a) cainníocht agus cáilíocht an uisce athshlánaithe a sholáthraítear i gcomhréir leis an Rialachán seo;

   (b) céatadán an uisce athshlánaithe sa Bhallstát a sholáthraítear i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcomparáid le méid iomlán an fhuíolluisce uirbigh chóireáilte, ar choinníoll go bhfuil sonraí den chineál sin ar fáil;

   (c) ceadanna arna ndeonú nó arna modhnú i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear coinníollacha arna leagan síos ag údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 6(3);

   (d) toradh na seiceála comhlíonta a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 7(1);

   (e) na pointí teagmhála arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 8(1).

2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt cothrom le dáta gach dhá bhliain.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an cinneadh arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(2) ar fáil don phobal ar líne nó ar mhodhanna eile.

*Airteagal 11*

*Faisnéis maidir le faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme*

1. Gan dochar do Threoracha 2003/4/CE agus 2007/2/CE, Ballstáit ina n-úsáidtear uisce athshlánaithe i gcomhair uisciú talmhaíochta mar a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, le cabhair ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

   (a) faoi ... [shé bliana tar éis an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm] tacar sonraí a chur ar bun agus a fhoilsiú, agus nuashonrú a dhéanamh air gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ina bhfuil faisnéis maidir le toradh na seiceála ar chomhlíonadh arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus faisnéis eile atá le cur ar fáil ar líne don phobal i gcomhréir le hAirteagal 10;

   (b) tacar sonraí a chur ar bun, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ina bhfuil faisnéis faoi chásanna nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa chead arna bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus faisnéis faoi na bearta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus (3).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar na tacair sonraí dá dtagraítear i mír 1 ag an gCoimisiún, ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.

3. Ar bhonn na sonraí dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, i gcomhairle leis na Ballstáit, ar bhonn rialta nó tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún forléargas ar an Aontas ina iomláine ina n-áireofar, mar is iomchuí, táscairí d'aschuir, do thorthaí agus do thionchair an Rialacháin seo, léarscáileanna, agus tuarascálacha Ballstát.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le formáid agus cur i láthair na faisnéise a sholáthrófar i gcomhréir le mír 1 chomh maith leis na rialacha mionsonraithe maidir le formáid agus cur i láthair an fhorléargais ar an Aontas ina iomláine dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14.

5. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairliúchán leis na Ballstáit, treoirlínte a bhunú chun tacú le cur i bhfeidhm praiticiúil an Rialacháin seo faoi cheann dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 12*

*Meastóireacht agus athbhreithniú*

1. Déanfaidh an Coimisiún, faoi ... [8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], meastóireacht ar an Rialachán seo. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe, ar a laghad, ar na heilimintí seo a leanas:

   (a) an taithí a fuarthas ón Rialachán seo a chur chun feidhme;

   (b) na tacair sonraí arna gcur ar bun ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 11(1) agus an forléargas ar an Aontas ina iomláine arna thiomsú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 11(3);

   (c) sonraí eolaíocha, anailíseacha agus eipidéimeolaíocha ábhartha;

   (d) eolas teicniúil agus eolaíochta;

   (e) moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, más ann dóibh, nó treoraíocht idirnáisiúnta eile nó caighdeáin ISO.

2. I gcomhthéacs na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar na gnéithe seo a leanas:

   (a) na híoscheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

   (b) na príomheilimintí bainistithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

   (c) na ceanglais bhreise arna leagan síos ag na húdaráis inniúla de bhun phointí (b) agus (c) d'Airteagal 6(3);

   (d) tionchair na hathúsáide uisce ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe, lena n-áirítear tionchair na substaintí ar ábhar imní iad atá ag teacht chun cinn.

3. I gcomhthéacs na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an indéantacht maidir leis an méid seo a leanas:

(a) raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig uisce athshlánaithe atá beartaithe d'úsáidí sonracha eile, lena n-áirítear é a athúsáid chun críocha tionsclaíocha;

(b) ceanglais an Rialacháin seo a leathnú chuig úsáid indíreach fuíolluisce cóireáilte.

4. Bunaithe ar thorthaí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1 nó aon uair a éilítear é le heolas nua teicneolaíoch agus eolaíoch, d'fhéadfadh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar an ngá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na híoscheanglais a leagtar amach i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I.

5. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún tograí reachtacha i dtoll a chéile le haghaidh leasuithe i gcomhréir leis an gConradh.

*Airteagal 13*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(5) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(5) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 14*

*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste arna bhunú le Treoir 2000/60/CE. cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

   I gcás nach dtabharfaidh an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 15*

*Pionóis*

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Faoin ... [ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

*Airteagal 16*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó … [trí bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

*IARSCRÍBHINN I*

*ÚSÁIDÍ AGUS ÍOSCHEANGLAIS*

**Roinn 1. Úsáidí an uisce athshlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 2**

Uisciú talmhaíochta

Ciallaíonn uisciú talmhaíochta na cineálacha barr seo a leanas a uisciú:

- barra bia a thomhlaítear amh, a chiallaíonn barra a bheartaítear lena dtomhailt ag an duine agus iad amh nó neamhphróiseáilte;
- barra bia próiseáilte, a chiallaíonn barra a bheartaítear lena dtomhailt ag an duine, nach bhfuil le hithe amh ach tar éis próiseas cóireála (i.e. cócaráilte, próiseáilte go tionsclaíoch);
- barra neamhbhia, a chiallaíonn barr nach mbeartaítear lena dtomhailt ag an duine (e.g. barra féaraigh, foráiste, snáithín, ornáideacha, síl agus scraithe).

Gan dochar do dhlí ábhartha an Aontais i réimsí an chomhshaoil agus na sláinte, féadfaidh na Ballstáit feidhm a bhaint as uisce athshlánaithe i gcomhair tuilleadh úsáidí amhail athúsáid uisce tionsclaíoch agus chun críocha a bhaineann le taitneamhacht agus chun críocha comhshaoil.

**Roinn 2. Íoscheanglais**

**2.1. Íoscheanglais is infheidhme maidir le huisce athshlánaithe a bheartaítear lena úsáid le haghaidh uisciú talmhaíochta**

Leagtar amach i dTábla 1 na haicmí de cháilíocht uisce athshlánaithe agus na húsáidí a cheadaítear agus na modhanna uisciúcháin le haghaidh gach aicme. Leagtar amach na híoscheanglais do cháilíocht uisce i bpointe (a), Tábla 2. Leagtar amach na minicíochtaí íosta agus na spriocanna feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar an uisce athshlánaithe i bpointe (b), Tábla 3 (faireachán gnáthrialta) agus Tábla 4 (faireachán bailíochtaithe).

Déanfar na catagóirí barr a uisciú le huisce athshlánaithe den aicme comhfhreagrach de cháilíocht íosta uisce athshlánaithe mar a leagtar amach i dTábla 1 thíos, ach amháin má chuirtear bacainní breise iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 5(4) (c) i bhfeidhm, lena mbainfear amach na ceanglais cháilíochta a leagtar amach i dTábla 2 mar thoradh orthu. Féadfaidh na bacainní breise sin a bheith bunaithe ar liosta táscach na mbeart coisctheach a luaitear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn II nó in aon chaighdeáin choibhéiseacha náisiúnta nó idirnáisiúnta eile, e.g. caighdeán ISO 16075-2.

**Tábla 1 Aicmí de cháilíocht uisce athshlánaithe agus an úsáid talmhaíochta cheadaithe agus an modh uiscithe**

| **Aicme de cháilíocht íosta uisce athshlánaithe** | **Catagóir an bhairr*** | **Modh uisciúcháin** |
|---|---|---|
| **A** | Na barra bia ar fad, lena n-áirítear barra fréimhe, a thomhlaítear amh agus barra bia a bhfuil an chuid inite díobh i dteagmháil dhíreach le huisce athshlánaithe | Gach modh uisciúcháin |
| **B** | Barra bia a thomhlaítear amh a dtáirgtear an chuid inite díobh os cionn talún agus nach bhfuil i dteagmháil dhíreach le huisce athshlánaithe, barra bia próiseáilte agus barra neamhbhia, lena n-áirítear barra chun ainmhithe a tháirgeann bainne nó feoil a bheathú | Gach modh uisciúcháin |
| **C** | Barra bia a thomhlaítear amh a dtáirgtear an chuid inite díobh os cionn talún agus nach bhfuil i dteagmháil dhíreach le huisce athshlánaithe, barra bia próiseáilte agus barra neamhbhia, lena n-áirítear barra chun ainmhithe a tháirgeann bainne nó feoil a bheathú | Uisciú silte** nó modh uisciúcháin eile a sheachnaíonn teagmháil dhíreach leis an gcuid inite den bharra |
| **D** | Barra tionsclaíocha, fuinnimh agus síl | Gach modh uisciúcháin*** |

(*) Má thagann an cineál céanna bairr uiscithe faoi chatagóirí iolracha de Thábla 1, beidh feidhm ag ceanglais na catagóire is déine.

(**) Is é is uisciú silte ann (ar a dtugtar sil-uisciú freisin) ná córas miocruiscithe ar féidir leis braonta uisce nó srutháin bheaga a sheachadadh go dtí na plandaí trí uisce a shileadh ar an ithir nó go díreach faoina dromchla ar rátaí fíorísle (2-20 lítear san uair) ó chóras píopaí plaisteacha ag a bhfuil trastomhas beag atá feistithe le hasraonta ar a dtugtar astairí nó sileáin.

(***) I gcásanna modhanna uisciúcháin lena ndéantar aithris ar bháisteach, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shláinte oibrithe agus daoine ar an láthair a chosaint. Chun na críche sin, ba cheart bearta coisctheacha iomchuí a chur i bhfeidhm.

(a) Na híoscheanglais le haghaidh cáilíocht uisce

**Tábla 2 Na ceanglais maidir le cáilíocht an uisce athshlánaithe le haghaidh uisciú talmhaíochta**

<table>
<tr><th rowspan="2">Aicme cáilíochta d'uisce athshlánaithe</th><th rowspan="2">Sprioc tháscach teicneolaíochta</th><th colspan="4">Ceanglais cháilíochta</th><th></th></tr>
<tr><th>E. coli<br>(líon/ 100 ml)</th><th>$BOD_5$<br>(mg/l)</th><th>TSS<br>(mg/l)g/l)</th><th>Moirtiúlacht<br>(NTU)U)</th><th>Eile</th></tr>
<tr><td>A</td><td>Cóireáil thánaisteach, scagachán, agus dífhabhtú</td><td>≤10</td><td>≤10</td><td>≤10</td><td>≤5</td><td>Legionella spp.: <1,000 cfu/l i gcás ina bhfuil riosca aerasólaithe</td></tr>
<tr><td>B</td><td>Cóireáil thánaisteach, agus dífhabhtú</td><td>≤100</td><td rowspan="3">De réir Threoir 91/271/CEE ón gComhairle[1]<br>((Iarscríbhinn I, Tábla 1)<br>———<br>[1] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).</td><td rowspan="3">De réir Threoir 91/271/CEE<br>((Iarscríbhinn I, Tábla 1)</td><td>-</td><td rowspan="3">Néimeatóidí stéigeacha (Uibheacha heilminte): ≤1 ubh/l chun féaraigh nó foráiste a uisciú</td></tr>
<tr><td>C</td><td>Cóireáil thánaisteach, agus dífhabhtú</td><td>≤1,000</td><td>-</td></tr>
<tr><td>D</td><td>Cóireáil thánaisteach, agus dífhabhtú</td><td>≤10,000</td><td>-</td></tr>
</table>

Measfar go bhfuil an t-uisce athshlánaithe ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i dTábla 2 má chomhlíonann na bearta na critéir seo ar fad a leanas:

- Tá na luachanna táscacha do E. coli, Legionella spp agus néimeatóidí stéigeacha comhlíonta in 90 % nó níos mó de na samplaí. Ní féidir le haon cheann de na luachanna a bheith os cionn na teorann uasta diallais d'aon aonad loga amháin ón luach táscach do E. coli agus Legionella agus 100 % den luach táscach do néimeatóidí stéigeacha.

- Déantar na luachanna táscacha do $BOD_5$, TSS, agus moirtiúlacht in Aicme A a chomhlíonadh in 90 % nó níos mó de na samplaí. Ní féidir le haon cheann de na luachanna a bheith os cionn na teorann uasta diallais de 100 % den luach táscach.

(b) Na híoscheanglais le haghaidh faireacháin

Déanfaidh oibreoirí na saoráide athshlánaithe faireachán gnáthrialta chun a fhíorú go bhfuil an t-uisce athshlánaithe ag comhlíonadh na n-íoscheanglas maidir le cáilíocht uisce a leagtar amach i bpointe (a). Cuirfear an faireachán gnáthrialta san áireamh i nósanna imeachta fíoraithe an chórais athúsáide uisce.

Maidir leis na samplaí a úsáidfear chun comhlíonadh na bparaiméadar micribhitheolaíochta a fhíorú ag an bpointe comhlíonta, glacfar iad i gcomhréir le caighdeán EN ISO 19458, nó aon chaighdeáin náisiúnta nó idirnáisiúnta eile lena n-áirithítear cáilíocht choibhéiseach.

**Tábla 3 Na minicíochtaí íosta le haghaidh faireachán gnáthrialta ar uisce athshlánaithe le haghaidh uisciú talmhaíochta**

<table>
<tr><th>Aicme de cháilíocht uisce athshlánaithe</th><th>E. coli</th><th>BOD<sub>5</sub></th><th>TSS</th><th>Moirtiúlacht</th><th>Legionella spp. (nuair is infheidhme)</th><th>Néimeatóidí stéigeacha (nuair is infheidhme)</th></tr>
<tr><td>A</td><td>Uair sa tseachtain</td><td>Uair sa tseachtain</td><td>Uair sa tseachtain</td><td>Leanúnach</td><td rowspan="4">Faoi dhó sa mhí</td><td rowspan="4">Faoi dhó sa mhí nó ar mhinicíocht a chinneann oibreoir na saoráide athshlánaithe de réir líon na n-uibheacha i bhfuíolluisce a thagann isteach go dtí an tsaoráid athshlánaithe</td></tr>
<tr><td>B</td><td>Uair sa tseachtain</td><td rowspan="3">De réir Threoir 91/271 /CEE ((Iarscríbhinn I , Roinn D)</td><td rowspan="3">De réir Threoir 91/27 1/CEE (Iarscríbhinn I, Roinn D)</td><td>-</td></tr>
<tr><td>C</td><td>Faoi dhó sa mhí</td><td>-</td></tr>
<tr><td>D</td><td>Faoi dhó sa mhí</td><td>-</td></tr>
</table>

Ní mór an faireachán a dhéanamh ar bhailíochtú sula gcuirfear saoráid athshlánaithe nua i bhfeidhm.

Na saoráidí athshlánaithe atá i bhfeidhm cheana agus a chomhlíonann na ceanglais cáilíochta uisce a leagtar amach in Iarscríbhinn I, tábla 2 ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh siad díolmhaithe ón oibleagáid faireacháin sin ar bhailíochtú.

Ní mór an faireachán ar bhailíochtú a dhéanamh i ngach cás ina ndéantar uasghrádú ar threalamh, agus nuair a thugtar trealamh nó próisis nua isteach.

Déanfar an faireachán ar bhailíochtú don aicme is déine de cháilíocht uisce athshlánaithe, Aicme A, chun a áirithiú go bhfuil na spriocanna feidhmíochta (laghdú $logartaim_{10}$) comhlíonta. Is é atá i gceist le faireachán ar bhailíochtú ná faireachán ar na miocrorgánaigh tháscacha a bhaineann le gach grúpa pataiginí (baictéir, víris agus protozoa). Is iad na miocrorgánaigh tháscacha atá roghnaithe ná *E. coli* le haghaidh baictéir phataigineacha, baictéarafagaigh dhrólannacha F- shonracha, baictéarafagaigh shómatacha dhrólannacha nó baictéarafagaigh dhrólannacha le haghaidh víris phataigineacha, agus spóir de *Clostridium perfringens* nó baictéir sulfáitlaghdaithe spórdhéanta le haghaidh protozoa. Tá na spriocanna feidhmíochta (laghdú $logartaim_{10}$) le haghaidh an fhaireacháin ar bhailíochtú ar na miocrorgánaigh tháscacha roghnaithe leagtha amach i dTábla 4 agus comhlíonfar iad ag an bpointe comhlíonta, agus dlús an fhuíolluisce amh atá ag teacht isteach go dtí an gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh á chur san áireamh. Bainfidh amach nó sáróidh ar a laghad 90 % de na samplaí bailíochtaithe an sprioc feidhmíochta.

Murab ann do chainníocht leordhóthanach de tháscaire bitheolaíoch san fhuíolluisce amh chun laghdú logartaim10 a bhaint amach, ciallóidh neamhláithreacht sin an táscaire bitheolaíoch san eisilteach go bhfuil na ceanglais maidir le bailíochtú á gcomhlíonadh. Féadfar feidhmíocht na sprice comhlíonta a dheimhniú trí rialú anailíseach, trí shuimiú na bhfeidhmíochta a cheadaítear do chéimeanna cóireála aonair arna bunú ar fhianaise eolaíoch do phróisis chaighdeánacha sheanbhunaithe, amhail sonraí a foilsíodh ó thuarascálacha tástála, ó chás-staidéir, srl., nó sonraí a tástáladh i saotharlann faoi dhálaí rialaithe i gcomhair cóireáil nuálach.

**Tábla 4 Faireachán ar bhailíochtú á dhéanamh ar uisce athshlánaithe le haghaidh uisciú talmhaíochta**

| Aicme de cháilíocht uisce athshlánaithe | Miocrorgánaigh tháscacha (*) | Spriocanna feidhmíochta don slabhra cóireála (laghdú $logartaim_{10}$) |
|---|---|---|
| A | *E. coli* | ≤5.0 |
| | Iomlán na mbaictéarafagach drólannach/baictéarafagaigh dhrólannacha F-shonracha/baictéarafagaigh shómatacha dhrólannacha/baictéarafagaigh dhrólannacha (**) | ≤6.0 |
| | Spóir de *Clostridium perfringens*/baictéir sulfáitlaghdaithe spórdhéanta (***) | ≥ 4.0 (i gcás spóir de *Clostridium perfringens*)<br>≥ 5.0 (i gcás baictéir sulfáitlaghdaithe spórdhéanta) |

(*) Is féidir úsáid a bhaint, freisin, as na pataigíní tagartha *Campylobacter*, Rotavirus agus *Cryptosporidium*, seachas na miocrorgánaigh tháscacha atá molta a úsáid, chun faireachán a dhéanamh ar bhailíochtú. Ba cheart, sa chás sin, go mbeadh feidhm ag na spriocanna feidhmíochta seo a leanas atá sloinnte mar laghdú $logartaim_{10}$: *Campylobacter* (≥ 5.0), Rotavirus (≥ 6.0) agus *Cripteaspóiridiam* (≥ 5.0).

(**) Roghnaítear iomlán na mbaictéarafagach drólannach mar an táscaire víreasach is iomchuí. Mura féidir anailís a dhéanamh ar iomlán na mbaictéarafagach drólannach, áfach, ní mór anailís a dhéanamh ar cheann amháin acu (baictéarafagaigh dhrólannacha F-shonracha nó baictéarafagaigh shómatacha dhrólannacha) ar a laghad.

(***) Roghnaítear spóir de *Clostridium perfringens* mar an táscaire protozoa is iomchuí. Is rogha mhalartach iad baictéir sulfáitlaghdaithe spórdhéanta, áfach, mura féidir baint $logartaim_{10}$ arna iarraidh a bhailíochtú de dheasca dhlús na spór de *Clostridium perfringens*.

Déanfar na modhanna anailíse don fhaireachán a bhailíochtú agus a dhoiciméadú i gcomhréir le EN ISO/IEC-17025 nó caighdeáin náisiúnta nó idirnáisiúnta eile lena n-áirithítear cáilíocht choibhéiseach.

*IARSCRÍBHINN II*

(a) Príomheilimintí bainistithe riosca

Le bainistiú riosca, cuimseofar rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach chun a áirithiú go n-úsáidfear agus go mbainisteofar uisce athshlánaithe go sábháilte agus nach gcuirfear sláinte an duine nó sláinte ainmhithe ná an comhshaol i mbaol. Chun na críche sin, ceapadh Phlean Bainistíochta Riosca um Athúsáid Uisce bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an gcóras athúsáide uisce iomlán, ón bhfuíolluisce a thagann isteach go dtí an gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh go dtí an pointe úsáide, lena n-áirítear na foinsí fuíolluisce, na céimeanna cóireála agus na teicneolaíochtaí ag an tsaoráid athshlánaithe, an bonneagar soláthair, dáilte agus stórála, an úsáid bheartaithe, an t-ionad agus an tréimhse úsáide (e.g. úsáid shealadach nó ad-hoc), na modhanna uisciúcháin, an cineál barra, foinsí eile uisce má thuartar amhlaidh agus cainníochtaí an uisce athshlánaithe atá le soláthar.

2. Na páirtithe lena mbaineann sa chóras athúsáide uisce a shainaithint agus na cúraimí atá acu a shainaithint. Déanfar róil agus freagrachtaí na bpáirtithe lena mbaineann a shonrú agus a leithdháileadh go soiléir.

3. Na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, go háirithe truailleáin agus pataiginí, agus an baol go dtarlódh eachtraí guaiseacha, amhail teip chóireála, sceitheadh de thimpiste nó éilliú sa chóras athúsáide uisce a bhfuil tuairisc tugtha air.

4. Na comhshaoil agus na daonraí a bhfuil baol ann ina leith a shainaitint mar aon leis na bealaí go nochtfar iad do na guaiseacha sainaitheanta a d'fhéadfadh a bheith ann, agus aird á tabhairt ar na himthosca comhshaoil sonracha, amhail an hidrigeolaíocht, toipeolaíocht, cineál ithreach agus éiceolaíocht áitiúil, agus imthosca a bhaineann le cineál na mbarr agus na cleachtais feirmeoireachta agus uisciúcháin. Ní mór aird a thabhairt freisin ar na héifeachtaí diúltacha fadtéarmacha nó do-athraithe don chomhshaol agus don tsláinte a d'fhéadfadh a bheith ag an oibríocht athshlánaithe uisce agus ní mór fianaise eolaíoch a chur leo.

5. Measúnú ar rioscaí comhshaoil agus rioscaí do shláinte an duine agus ainmhithe, agus aird á tabhairt ar chineál na nguaiseacha sainaitheanta a d'fhéadfadh a bheith ann, fad na n-úsáidí beartaithe, na comhshaoil agus daonraí a sainaithníodh go bhfuil baol ann go nochtfar iad do na guaiseacha sin agus déine na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na guaiseacha, agus prionsabal an réamhchúraim san áireamh, mar aon le reachtaíocht ábhartha uile an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha uile, na treoirdhoiciméid uile agus na híoscheanglais uile a bhaineann le sábháilteacht bia agus beatha agus sábháilteacht oibrithe. D'fhéadfadh an measúnú riosca a bheith bunaithe ar athbhreithniú ar na staidéir agus na sonraí eolaíocha atá ar fáil.

Beidh na gnéithe seo a leanas sa mheasúnú riosca:

(a) measúnú ar na rioscaí comhshaoil, lena n-áirítear iad seo ar fad a leanas:

(i) deimhniú ar chineál na nguaiseacha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an leibhéal tuartha neamhéifeachta;

(ii) measúnú ar raon féideartha an nochta;

(iii) saintréithiú an riosca.

(b) measúnú ar na rioscaí do shláinte an duine agus ainmhithe, lena n-áirítear iad seo ar fad a leanas:

i) deimhniú ar chineál na nguaiseacha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an caidreamh atá bainteach le dáileogacht;

ii) measúnú ar raon féideartha an nochta nó na dáileogachta;

iii) saintréithiú an riosca.

Féadfar an measúnú riosca a dhéanamh trí mheasúnú riosca cáilíochtúil nó leath-chainníochtúil a úsáid. Úsáidfear measúnú riosca cainníochtúil i gcás ina mbeidh go leor sonraí tacaíochta ann nó i dtionscadail a d'fhéadfadh riosca ard a bheith ag baint leo ó thaobh an chomhshaoil nó na sláinte poiblí de.

Cuirfear na ceanglais agus na hoibleagáidí seo a leanas, ar a laghad, san áireamh sa mheasúnú riosca:

(a) an ceanglas go laghdófaí agus go gcoiscfí truailliú uisce ó níotráití i gcomhréir le Treoir 91/676/CEE ón gComhairle[29];

(b) an oibleagáid go gcomhlíonfadh limistéir cosanta uisce óil na ceanglais i dTreoir 98/83/CE ón gComhairle[30];

(c) an ceanglas go gcomhlíonfaí na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31];

(d) an ceanglas cosc a chur ar thruailliú fuíolluisce i gcomhréir le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32];

(e) an ceanglas go gcomhlíonfaí na caighdeáin cháilíochta chomhshaoil le haghaidh substaintí tosaíochta agus truailleáin áirithe eile a leagtar síos i dTreoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33];

(f) an ceanglas go gcomhlíonfaí na caighdeáin cháilíochta chomhshaoil le haghaidh truailleán ar údar imní náisiúnta iad (i.e. truailleáin shonracha in abhantracha) a leagtar síos i dTreoir 2000/60/CE;

---

29 Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1-8).

30 Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce a bheartaítear le hól ag an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

31 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1)

32 Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

33 Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

(g) an ceanglas go gcomhlíonfaí na caighdeáin cháilíochta uisce a leagtar síos i dTreoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34];

(h) na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, nuair a úsáidtear sloda séarachais sa talmhaíocht faoi Threoir 86/278/CEE ón gComhairle[35];

(i) na ceanglais maidir le sláinteachas earraí bia a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3634] agus an treoir a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an treoirdhoiciméad maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí micribhitheolaíocha i dtorthaí agus glasraí úra le linn chéim an phríomhtháirgthe trí shláinteachas maith;

(j) na ceanglais maidir le sláinteachas beatha ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37];

(k) an ceanglas go gcomhlíonfaí na critéir mhicribhitheolaíocha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gComhairle[38];

(l) na ceanglais maidir le leibhéil uasta le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gComhairle[39];

---

**34** Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 76/160/CEE (IO L 64, 4.3.2006, lch. 37).

**35** Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, nuair a úsáidtear sloda séarachais sa talmhaíocht (IO L 181, 4.7.1986, lch. 6).

**36** Rialachán (CE) Uimh 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

**37** Rialachán (CE) 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 lena leagtar síos na ceanglais i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe (IO L 35, 8.2.2005, lch. 1).

**38** Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

**39** Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear leibhéil uasta le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

(m) na ceanglais maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha nó ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40];

(n) na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe i Rialachán (CE) 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus Rialachán (CE) 142/2011 ón gCoimisiún[42].

(b) Coinníollacha i ndáil leis na ceanglais bhreise

6. Ceanglais maidir le cáilíocht uisce agus faireachán atá sa bhreis ar na ceanglais a shonraítear in Iarscríbhinn I agus/nó atá níos déine ná iad, a mheas, i gcás inar gá agus inarb iomchuí sin chun cosaint leordhóthanach don chomhshaol, do shláinte an duine agus ainmhithe a áirithiú, go háirithe nuair a bheidh fianaise shoiléir eolaíoch ann gur de thionscnamh uisce athshlánaithe iad na rioscaí seachas ó fhoinsí eile.

Ag brath ar thoradh an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear i bpointe 5, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh na ceanglais bhreise sin leis na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) miotail throma;

(b) lotnaidicídí;

40 Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

41 Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach mbeartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

42 Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach mbeartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/EC ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

(c) seachtháirgí dífhabhtaithe;

(d) cógais;

(e) substaintí eile ar ábhar imní iad atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear micreathruailleáin agus micreaphlaistigh;

(f) frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach.

(c) Bearta coisctheacha

7. Bearta coisctheacha a shainaithint atá i bhfeidhm cheana féin nó ar cheart iad a dhéanamh chun srian a chur le rioscaí sa chaoi gur féidir na rioscaí sainaitheanta ar fad a bhainistiú go leordhóthanach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na dobharlaigh a úsáidtear le haghaidh astarraingt uisce a bheartaítear le hól ag an duine agus ar na criosanna coimircí ábhartha.

Féadfar a áireamh ar na bearta coisctheacha sin:

(a) rialú rochtana;

(b) dífhabhtú breise nó bearta bainte truailleán;

(c) teicneolaíocht shonrach uiscithe lena maolaítear an riosca aerasólaithe (e.g. uisciú silte);

d) ceanglais shonracha d'uisciú aisréadóra (e.g. uasluas gaoithe, na hachair idir an t-aisréadóir agus limistéir íogaire);

(e) ceanglais shonracha do pháirceanna talmhaíochta (e.g. claonadh fána, sáithiúchán uisce páirce, limistéir charstacha);

(f) tacaíocht básaithe pataiginí roimh an mbuaint;

(g) Achair íosta shábháilteachta a bhunú (e.g. uisce dromchla, lena n-áirítear foinsí le haghaidh beostoic, nó gníomhaíochtaí amhail dobharshaothrú, feirmeoireacht éisc, dobharshaothrú sliogéisc, snámh agus gníomhaíochtaí eile uisce);

(h) comharthaíocht ag láithreáin uisciúcháin, lena léirítear go bhfuil uisce athshlánaithe á úsáid agus nach bhfuil sé oiriúnach lena ól.

Leagtar amach i dTábla 1 bearta coisctheacha sonracha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha.

**Tábla 1: Bearta coisctheacha sonracha**

| **Aicme de cháilíocht uisce athshlánaithe** | **Bearta coisctheacha sonracha** |
|---|---|
| **A** | - Níor cheart muca a nochtadh d'fharae a uiscítear le huisce athshlánaithe ach amháin más ann do shonraí leordhóthanacha a léireodh gur féidir na rioscaí do chás sonrach a bhainistiú. |
| **B** | - Tá toirmeasc ar tháirgí uiscithe nó faoi shileadh a bhuain agus iad fós fliuch.<br>- Ba cheart eallach déiríochta atá ag lachtadh a choinneáil amach ó fhéarach go dtí go bhfuil sé tirim.<br>- Ní mór farae a thriomú nó sadhlas a dhéanamh de sula ndéanfar é a phacáistiú.<br>- Níor cheart muca a nochtadh d'fharae a uiscítear le huisce athshlánaithe ach amháin más ann do shonraí leordhóthanacha a léireodh gur féidir na rioscaí do chás sonrach a bhainistiú.<br>1. |
| **C** | - Tá toirmeasc ar tháirgí uiscithe nó faoi shileadh a bhuain agus iad fós fliuch.<br>- Coinnigh ainmhithe féaraigh amach ó fhéarach ar feadh cúig lá tar éis an uiscithe deiridh.<br>- Ní mór farae a thriomú nó sadhlas a dhéanamh de sula ndéanfar é a phacáistiú.<br>- Níor cheart muca a nochtadh d'fharae a uiscítear le huisce athshlánaithe ach amháin más ann do shonraí leordhóthanacha a léireodh gur féidir na rioscaí do chás sonrach a bhainistiú.<br>2. |
| **D** | - Tá toirmeasc ar tháirgí uiscithe nó faoi shileadh a bhuain agus iad fós fliuch. |

8. Córais agus nósanna imeachta rialála cáilíochta leordhóthanacha, lena n-áirítear faireachán ar an uisce athshlánaithe le haghaidh paraiméadair ábhartha, agus cláir chothabhála leordhóthanacha do threalamh.
   Moltar go mbunódh agus go gcoinneodh oibreoir na saoráide athshlánaithe córas bainistithe cáilíochta atá deimhnithe faoi ISO 9001 nó a choibhéis.
9. Córais faireacháin comhshaoil lena áirithiú go gcuirfear an t-aiseolas ón bhfaireachán ar fáil agus go ndéanfar gach próiseas agus nós imeachta a bhailíochtú agus a dhoiciméadú mar is iomchuí.

10. Córas iomchuí chun teagmhais agus cásanna éigeandála a bhainistiú, lena n-áirítear nósanna imeachta chun na páirtithe ábhartha ar fad a chur ar an eolas mar is iomchuí faoi theagmhas den sórt sin, agus plean freagartha éigeandála a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta.

D'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as an treoir nó na caighdeáin idirnáisiúnta, amhail ISO 20426:2018 Treoirlínte i ndáil le measúnú agus bainistiú riosca don tsláinte le haghaidh uisce neamh-inólta, ISO 16075:2015 Treoirlínte i ndáil le húsáid fuíolluisce cóireáilte i dtionscadail uisciúcháin nó caighdeáin choibhéiseacha eile a nglactar leo ar an leibhéal idirnáisiúnta nó treoirlínte EDS[43] mar ionstraimí le sainaithint chórasach guaiseacha, rioscaí a mheas agus a bhainistiú, bunaithe ar chur chuige tosaíochta a chuirtear i bhfeidhm ar an slabhra ar fad (ó chóireáil an fhuíolluisce uirbigh le hathúsáid, go dáileadh agus úsáid le haghaidh uisciú talmhaíochta, go rialú na n-éifeachtaí) agus measúnú sonrach riosca ar an láthair.

11. A áirithiú go mbunófar sásraí comhordúcháin i measc gníomhaithe difriúla chun táirgeadh agus úsáid shábháilte an uisce athshlánaithe a áirithiú.

---

43 https://www.who.int/water_sanitation_health/publications/gsuweg2/en/; https://www.who.int/water_sanitation_health/publications/gsuweg2/en/